An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal

Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge | Éileamh Íocaíochta Teaghlaigh

RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú agus baineann sí leas as bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche ach amháin chun na críche sin dár bailíodh iad. Féadfaidh sé go malartófar sonraí pearsanta le Ranna eile Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí eile poiblí, i gcúinsí áirithe i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le dlí. Ní choimeádfaidh an Roinn do shonraí pearsanta ach amháin fad a bheidh sé riachtanach chun na críche dár bailíodh iad agus dá ndearnadh próiseáil ina dhiaidh sin orthu. Nuair a rachaidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis seo a choimeád in éag, scrúdófar í d'fhonn na sonraí pearsanta a léirscriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na Roinne. Is féidir Ráiteas Príobháideachais na Roinne maidir le soláthraithe, íocaithe agus deontaithe aonair a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/eolas-eagraiochta/sonrai-i-seilbh-na-roinne/ Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh gréasáin ar: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-forbartha-tuaithe-agus-pobail-agus-gaeltachta/eolas-eagraiochta/cosaint-sonra%C3%AD/

SONRAÍ PEARSANTA (ÚSÁID BLOCLITREACHA LE D' THOIL)			
Ainm (**mar atá cláraithe**):		Sloinne:	
Seoladh:			
Contae:		Éirchód:	
Uimhir ghutháin:		Líon ceadaithe:	
Seoladh r-phoist			
Uimhir chánach (PPS)			

SONRAÍ FAOIN ÉILEAMH			
Ainm an choláiste:			
Dáta teachta:	Roghnaigh dáta.	Dáta imeachta :	Roghnaigh dáta.
An líon ina bhfuil tú i dteideal íocaíocht a fháil ón Roinn:		Líon oícheanta:	

Ainm an scoláire	Cuir tic thíos má d'fhan an scoláire don chúrsa iomlán. I gcás nár fhan, luaigh na dátaí teachta agus imeachta	An líon oícheanta a d'fhan an scoláire faoi leith leat:	Uimhir Rolla
1			
2			
3			
4			
5			
6			
7			
8			
9			
10			
11			
12			
13			
14			
15			
16			
Iomlán na n-oícheanta a bhfuil deontas á lorg ina leith:		(A)	

Suimigh thíos an deontas átá á éileamh agat (i.e. an figiúr ag (a) thuas méadaithe fá €14.50)		
(A)	Méadaithe fá €14.50 =	€

- **Ní mór an dearbhú SFG ar chúl a shíniú agus a sheoladh in éineacht leis an éileamh íocaíochta seo**
- **Ní mór foirm SFG 3 (Sainordú EFT) a bheith sínithe agat roimhe seo chun íocaíocht a fháil nó ceann nua a shíniú má thagann aon athrú ar do shonraí bainc**

Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge	Dearbhú Éileamh Íocaíochta Teaghlaigh

AN GHAEILGE AGUS BUNADH AN TÍ

1. go bhfuil Gaeilge ar a t(h)oil ag gach ball den teaghlach agus í mar ghnáth-theanga labhartha an teaghlaigh.

GRINNFHIOSRÚCHÁIN AN GHARDA SÍOCHÁNA

2. go bhfuil gach duine den teaghlach atá os cionn 16 bliain d'aois agus aon duine eile taobh amuigh den teaghlach atá ar iostas san teach glanta trí chóras ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána de réir An tAcht Um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta agus Nochtadh Áirithe), 2016 ag CONCOS thar cheann an Choláiste.

COSAINT LEANAÍ

3. go bhfuil Ráiteas Cosaint Leanaí in áit de réir fhorálacha ábhartha CHUID 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 (Uimh. 36 de 2015).

CÚRSAÍ DÓITEÁIN

4. go bhfuil Teastas Innealtóra reatha curtha ar fáil agam don Roinn a dheimhníonn go bhfuil mo theach ag comhlíonadh Rialacháin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le sábháilteacht dóiteáin i dTithe Gaeltachta.
5. nach bhfuil aon bhac ar na bealaí éalaithe m.sh. troscán, cásanna éadaí agus araile.
6. nach bhfuil aon fón pócaí nó trealamh gruaige fágtha á luchtú sna seomraí.

CÓIRÍOCHT FHISICIÚIL

7. nach raibh níos mó scoláirí ar iostas liom ná mar atá ceadaithe ag an Roinn;
8. go bhfuil 8.5 méadar ciúbach spáis urláir in aghaidh an scoláire a bheith ar fáil sna seomraí codlata agus nach bhfuil níos lú ná beirt nó níos mó ná seisear in aon seomra faoi leith;
9. go bhfuil áit stórála oiriúnach i gcomhair éadaí na scoláirí ar fáil i ngach seomra agus áit suí oiriúnach ar fáil don líon iomlán scoláirí atá ceadaithe;
10. go bhfuil leapacha agus tochtanna compordacha ar fáil do na scoláirí;
11. go mbíonn na seomraí codlata glanta agus leapacha cóirithe gach maidin;
12. go bhfuil seomra leapa amháin ar a laghad sa teach do mhuintir an tí.

SLÁINTE AGUS SLÁINTEACHAS

13. Is faoi bhean/fhear an tí atá sé cúram a dhéanamh dá c(h)uid dualgas mar a bhaineann sé leis an Acht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus a bheith airdeallach dá réir ar úsáid alcóil agus substaintí mídhleathacha mar a bhaineann sé le leo siúd a bhíonn ar iostas. https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/act/2002/6/eng/enacted/a602.pdf
14. Is faoi bhean/fhear an tí a bheidh sé dea-chleachtais sláinteachais agus glaineachta a chur i bhfeidhm de réir mar a oireann mar a bhaineann sé leo siúd a bhíonn ar iostas.

CÚRSAÍ CÁNACH

15. go bhfuil Cúrsaí Cánach in ord agus Teastas Glanta Cánach eisithe.

DUALGAIS BHUNADH AN TÍ

16. Ní foláir fear nó bean an tí a bheith i láthair sa teach le linn do na foghlaimeoirí a bheith ann. Mura bhfuil, caithfidh cúntóir atá ós cionn 18 bliain d'aois a bheith ainmnithe agus a bheith i láthair sa teach le linn do na foghlaimeoirí a bheith ann.

GNÓTHAÍ COVID-19

Maidir le gnóthaí COVID-19, faoi réir cur chuige an Rialtais trí chéile maidir le béim níos mó feasta a bheith ar an duine aonair maidir le COVID agus níos lú béime ar fheidhm an Rialtais maidir le rialacháin agus treoirlínte ina leith, is faoi na coláistí ar leith iad féin a bheidh sé cibé bearta nó nósanna imeachta a cheapann siad féin a bheith ag teastáil a leagan amach chun cúram a dhéanamh de ghnóthaí COVID-19 maidir lena gcúrsaí Gaeilge.

Dearbhaím, le mo shíniú thíos, go bhfuil na coinníollacha ar fad léite agam, go dtuigim na coinníollacha agus go bhfuil gach ceann de na coinníollacha comhlíonta agam.

	Síniú	Dáta	Uimhir Ghutháin
Iarratasóir			
Thar Cheann an Choláiste			